# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide – Sainchúrsa

# An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Athbhreithnithe 2021

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# An Clár Ábhar


## Réamhrá . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 5

An tsraith shinsearach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 5

Taithí na sraithe sinsearaí. . . . . . . . . . . . . . . . . . 5

Foghlaim Ghaolmhar . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 9

## Réasúnaíocht . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 11

Aidhm. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 11

Líon agus leagan amach na modúl . . . . . . . . . . 11

Tuairisc ar na modúil. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 12

Príomhscileanna. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 13

Teagasc agus foghlaim. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .15

Idirdhealú . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 16

## Léargas ginearálta ar an gcúrsa: Modúil agus torthaí foghlama. .17

## Modúl 1: Próiseáil focal. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 24

Cuspóir . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 24

Aidhmeanna. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 24

Aonaid. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 24

Aonad 1: Teoiric bhunúsach. . . . . . . . . . . . . . . . 25

Aonad 2: Téacs a chur isteach agus a ionramháil. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .26

Aonad 3: Teicnící breise. . . . . . . . . . . . . . . . . . . .27

Modúl 1: Príomhthascanna. . . . . . . . . . . . . . . . . .28

## Modúl 2: Smaointe a chur i láthair. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .29

Cuspóir. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 29

Aidhmeanna. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 29

Aonaid. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 29

Aonad 1: Bunscileanna cur i láthair. . . . . . . . 30

Aonad 2: Cruthú agus eagarthóireacht. . . . . 31

Aonad 3: Teicnící breise. . . . . . . . . . . . . . . . . . 32

Modúl 2: Príomhthascanna . . . . . . . . . . . . . . . 33

## Modúl 3: Scarbhileoga. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 34

Cuspóir. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 34

Aidhmeanna. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 34

Aonaid. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 34

Aonad 1: Teoiric bhunúsach scarbhileog. . . . . 35

Aonad 2: Cruthú agus eagarthóireacht. . . . . . 36

Aonad 3: Teicnící breise. . . . . . . . . . . . . . . . . . . 37

Modúl 3: Príomhthascanna. . . . . . . . . . . . . . . . 38

## Modúl 4: An t-idirlíon agus inniúlacht dhigiteach. . . . . . . . . . . . . .39

Cuspóir. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 39

Aidhmeanna. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 39

Aonaid. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 39

Aonad 1: Teoiric bhunúsach. . . . . . . . . . . . . . . 40

Aonad 2: Litearthacht faisnéise digití. . . . . . . 41

Aonad 3: Prionsabail agus cleachtais. . . . . . . . 42

Modúl 4: Príomhthascanna. . . . . . . . . . . . . . . . 43

## Treoirlínte measúnaithe . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 44

# RÉAMHRÁ

## AN TSRAITH SHINSEARACH

Bíonn an scoláire sa tsraith shinsearach ag druidim le deireadh a chuid ama ar scoil agus ag roghnú an treo ina rachaidh sé sa chuid eile dá shaol. Tá tábhacht mhór ag baint leis an tsraith shinsearach maidir le cabhrú leis an scoláire a chuid riachtanais reatha mar dhuine fásta óg a chomhlíonadh agus é a ullmhú chun a bheith páirteach i saol eacnamaíoch agus sóisialta a bhíonn i gcónaí ag athrú.

Tá an tsraith shinsearach bunaithe ar thiomantas do ghnóthachtáil oideachasúil den chaighdeán is airde do gach scoláire, i gcomhréir lena chumas aonair. D'fhonn tacú leis an scoláire agus é ag ullmhú don todhchaí, cuirtear béim ar fhorbairt an eolais agus na domhaintuisceana; ar an scoláire a bheith freagrach as a chuid foghlama féin; ar shealbhú príomhscileanna; agus ar phróisis na foghlama. Cinntíonn an curaclam leathan, ina bhfuil roinnt deiseanna don speisialtóireacht, go mbíonn leanúnachas ann ón tsraith shóisearach agus féachann sé le riachtanais gach scoláire a chomhlíonadh, scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag cuid acu, ach a bhfuil raon leathan spéiseanna foghlama, inniúlachtaí agus buanna acu uile.

Cothaíonn an curaclam sa tsraith shinsearach cothromaíocht idir eolas agus scileanna, agus na cineálacha straitéisí foghlama a theastaíonn chun a bheith rannpháirteach agus do chuid a dhéanamh i ndomhan atá ag athrú agus nach bhfuil a fhios ag aon duine céard atá i ndán dó.

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú don scoláire trí churaclam éagsúil, chun sainréimsí deacrachta nó láidreachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

## TAITHÍ NA SRAITHE SINSEARAÍ

Is é fís na sraithe sinsearaí go mbíonn an foghlaimeoir i gceartlár an eispéiris oideachasúil. Cabhróidh an t-eispéireas sin leis an scoláire a bheith seiftiúil, muiníneach, páirt a ghlacadh go gníomhach sa tsochaí, spéis a fhorbairt san fhoghlaim, agus cumas foghlama ar feadh a shaoil a fhorbairt.


Tá an fhís sin den fhoghlaimeoir bunaithe ar luachanna na sraithe sinsearaí agus cuirtear i gcrích í trí na prionsabail atá laistiar den churaclam de réir thaithí an scoláire ar scoil. Cuimsíonn tuairisceoir an

mhodúil príomhscileanna neadaithe agus torthaí foghlama soiléire, agus tá réimse de chuir chuige measúnaithe mar thaca faoi, rud a fhágann gurb í an tsonraíocht an meán trína bhfíoraítear an fhís don fhoghlaimeoir.

**Ar chéim phraiticiúil, cuirtear eispéireas oideachasúil ardchaighdeáin ar fáil sa tsraith shinsearach tríd an méid seo a leanas:**

- pleanáil, forbairt, eagrú agus measúnú éifeachtach curaclaim
- cineálacha cur chuige i leith an teagaisc agus na foghlama a spreagann an scoláire agus a chuireann ar a chumas dul chun tosaigh, a dhéanann a chuid foghlama níos doimhne agus a chuireann i bhfeidhm í, agus a fhorbraíonn a chumas chun machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama
- forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí agus do lucht bainistíochta scoileanna a chuireann ar a gcumas forbairt agus athruithe curaclaim ina gcuid scoileanna a threorú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar an scoláire, a spreagann é chun freagracht a ghlacadh as a chuid foghlama féin le himeacht aimsire, agus a chuireann grá don fhoghlaim chun cinn.

Is cuid de bheartas oideachais níos leithne é oideachas na sraithe sinsearaí ina ndírítear ar an méid is féidir leis an oideachas a dhéanamh chun foghlaimeoir a fhorbairt mar dhuine agus mar shaoránach araon. Is beartas oideachais é ina leagtar béim ar chur chun cinn an chomhtháthaithe shóisialta, ar fhás na sochaí agus an gheilleagair, agus ar phrionsabal na hinbhuanaitheachta i ngach gné den fhorbairt.




**CURACLAM NA SRAITHE SINSEARAÍ**

- torthaí foghlama
- príomhscileanna
- ábhair
- gearrchúrsaí
- aonaid idirbhliana
- measúnú
- teistiúchán
- gairmthreoir

**PRIONSABAIL**

- ardchaighdeán
- oideachas cuimsitheach
- leanúnachas
- rogha agus solúbthacht
- rannpháirtíocht, ábharthacht agus taitneamh
- folláine
- cruthaitheacht agus nuálaíocht
- foghlaim ar feadh an tsaoil

**LUACHANNA**

- dínit an duine agus meas
- cothromaíocht agus cuimsitheacht
- cóir agus cothroime
- saoirse agus daonlathas

*Fíor 1: Prionsabail agus luachanna churaclam na sraithe sinsearaí*

## SEIFTIÚIL

**éiríonn siad a samhlaíocht, clisteacht, iomas agus buanna eile trí**

fiosracht

ceistiú

neamhchlaontacht

athmhachnamh

foghlaim a nascadh

nuálaíocht

fadhbréiteach

cruthaitheacht

## MUINÍNEACH

**forbraíonn siad a bhfolláine fhisiceach agus mheabhrach agus**

éiríonn siad féinfheasach

bíonn siad ardéifeachtúil

pléann le heitic, luachanna agus tuairimí

fáiltíonn roimh dheiseanna

déileálann siad le deacrachtaí

déanann siad athrú dearfach

**FOGHLAIMEOIRÍ**

seiftiúla, muiníneacha, gafa agus gníomhacha

## GAFA

**glacann siad páirt i ngnéithe sóisialta, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta ina saol trí**

meas a léiriú do dhaoine eile

caidrimh chomhbhácha a dhéanamh agus a choimeád

cinntí eolasacha a dhéanamh

saineolas praiticiúil a thógáil

spéis a bheith acu ina dtimpeallacht shóisialta agus pholaitiúil agus freagracht a ghlacadh aisti

tuiscint mhorálta / eiticiúil agus pholaitiúil a fhorbairt

roghanna saoil a dhéanamh atá inbhuanaithe

cur lena leas ábhartha féin agus le leas na sochaí

## INA bhFOGHLAIMEOIRÍ GNÍOMHACHA

**féachann siad le barr feabhais a bhaint amach san fhoghlaim chomh maith agus atá ar a gcumas agus grá don fhoghlaim a fhorbairt trí**

eolas a lorg agus a úsáid, agus an chaoi a gcruthaítear eolas a thuiscint

paisean a bheith acu don fhoghlaim, bheith críochnúil ina ceann agus tiomanta di

scileanna smaointeoireacht chriticiúil agus intleachtach a fhorbairt

féinriar agus neamhspleáchas san fhoghlaim a chleachtadh

a gcuid foghlama a bhainistiú agus cinntí foghlama a dhéanamh

spriocanna foghlama a shocrú agus a ghnóthú

cáilíochtaí foghlama a lorg

*Fíor 2: An foghlaimeoir sa tsraith shinsearach*

# FOGHLAIM GHAOLMHAR

TFC na hArdteistiméireachta Feidhmí: Tógann an sainchúrsa ar an eolas, na cineálacha cur chuige agus an raon leathan scileanna inaistrithe a eascraíonn ó thaithí oideachasúil an scoláire sa chóras luathóige, sa bhunscoil agus i sraith shóisearach na hiarbhunscoile.

## Luath-óige

Leis an gcreatchuraclam luathóige, *Aistear*, déantar ceiliúradh ar an luath-óige mar thréimhse ina mbíonn an sult agus an fholláine i réim agus ina mbíonn an páiste ag foghlaim ó eispéiris de réir mar a thiteann siad amach. Is éard atá i gceist leis an téama Iniúchadh agus Smaointeoireacht ná cuidiú leis an bpáiste brí a bhaint as na rudaí, na háiteanna agus na daoine ina shaol trí bheith ag idirghníomhú le daoine eile, ag súgradh leo, ag iniúchadh, ag ceistiú, agus ag cruthú agus ag tástáil smaointe agus iad a thabhairt chun míneadais. Baineann an téama maidir le Cumarsáid leis an bpáiste ag roinnt a thaithí, a smaointe, agus a mhothúcháin le daoine eile agus é níos muiníní agus níos inniúla an t-am ar fad, ar bhealaí éagsúla agus chun críche éagsúla.

## Bunscoil

Leis an réimse curaclaim d'Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) ag an mbunscoil, tugtar deiseanna don pháiste an saol mórthimpeall air a iniúchadh agus a fhiosrú go gníomhach agus é á dhéanamh ó pheirspictíocht dhaonna, shóisialta agus chultúrtha. Nuair a ghlactar dearcadh eolaíoch maidir le fiosruithe, cuidítear scileanna, coincheapa agus eolas tábhachtach a fhorbairt trínar féidir leis an bpáiste breathnú, ceistiú, iniúchadh, tuiscint agus smaoineamh go loighciúil faoi nithe beo agus a dtimpeallachtaí, ábhair, fórsaí, agus gnáth-imeachtaí agus fadhbanna. Féadfar an t-eolas agus na scileanna a fhaightear a chur i bhfeidhm nuair a bheidh gníomhaíochtaí á ndearadh agus á ndéanamh ina bhfeiceann an páiste gá le gnéithe dá thimpeallacht a chruthú nó a mhodhnú. Trína chuid fiosruithe, forbraíonn an páiste peirspictíochtaí stuama, criticiúla agus eolaíocha ina n-aithnítear an tábhacht atá le breithiúnais a bhunú ar mheas ar fhíricí, ar chruinneas agus ar réasún.

Tógann TFC ar na scileanna teanga a fhorbraítear sa bhunscoil. Trí theanga, foghlaimíonn an scoláire le hord imeachtaí, aimsirí agus foclaíocht chuí a úsáid chun scéalta agus cuntais phearsanta agus ghnásúla a insint agus a athinsint, agus iad ag éirí níos casta i gcónaí. Foghlaimíonn sé le teanga a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith a úsáid chun faisnéis a thabhairt, chun a chuid smaointe a mhíniú agus a chosaint agus chun gníomhartha, imeachtaí agus próisis a bhaineann le comhthéacsanna fíora agus samhlaíocha a thuar agus a bhreithniú. Cuideoidh scileanna teanga a fhorbraítear sa bhunscoil leis an scoláire a dhéanann staidéar ar TFC léirthuiscint a bheith aige ar an tábhacht atá le húsáid cheart teanga, agus ar a chumhachtaí atá focail agus friotal i gcomhthéacs na meán sóisialta.

## An tsraith shóisearach

Tá baint ag go leor de na Ráitis Foghlama sa tsraith shóisearach le TFC san Ardteistiméireacht Fheidhmeach, go háirithe na ráitis sin atá dírithe ar réiteach fadhbanna, dearadh, cumarsáid, agus ról agus rannchuidiú na teicneolaíochta sa tsochaí a thuiscint. Ina theannta sin, tá na príomhscileanna a theastaíonn don fhoghlaim rathúil a dhéanann an scoláire ar fud an churaclaim sa tsraith shóisearach ábhartha do TFC san Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

Tá dlúthcheangal ag cuid mhór d'ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí le TFC, go háirithe Matamaitic, eolaíocht, OSPS, agus na gearrchúrsaí sa chódúchán agus sa litearthacht meán digiteach.

## An tsraith shinsearach

Is ábhar trasdisciplíneach amach is amach é TFC san Ardteistiméireacht Fheidhmeach atá réalaíoch agus ábhartha don saol. Ní chuireann ábhair thraidisiúnta srian ar fhoghlaim thrasdisciplíneach, tacaíonn siad léi agus neartaíonn siad í. Is féidir an t-eolas agus an fhoghlaim a fhaightear in TFC san ATF a bhreisiú agus a úsáid ar feadh an chláir ATF ach na tascanna, an fhoghlaim agus na Príomhthascanna i réimsí eile a shaibhriú.

Ar an mbealach sin, beidh léirthuiscint ag an scoláire ar chumhacht TFC chun fadhbanna casta agus réitigh chasta a léiriú in go leor réimsí disciplíneacha, chomh maith le cúrsaí níos casta sa saol a fheiceann sé féin. TFC na hArdteistiméireachta Feidhmí: Tógann an sainchúrsa ar an bhfoghlaim a dhéantar mar chuid den Bhunchúrsa TFC, déantar inniúlacht a fhorbairt i gcláir agus i bhfeidhmchláir TFC a bheidh úsáideach don scoláire láithreach don obair chúrsa agus faigheann sé taithí ar na cláir agus ar na feidhmchláir sin. Forbróidh an scoláire scileanna agus meonta a bheidh úsáideach dó agus é ag dul i ngleic le dúshláin agus fadhbanna sa saol taobh amuigh den scoil agus tar éis na céime seo den oideachas.

## Staidéar breise

Maireann an scoláire i saol atá thar maoil le teicneolaíocht. Tabharfaidh TFC san Ardteistiméireacht Fheidhmeach deiseanna don scoláire tógáil ar an eolas agus ar na scileanna a chuideoidh leis an teicneolaíocht ríomhaireachta reatha a thuiscint agus a ullmhóidh é i gcomhair teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

Cuimsítear in TFC san Ardteistiméireacht Fheidhmeach raon leathan scileanna inaistrithe agus scileanna trasdisciplíneacha cosúil le réiteach fadhbanna, smaointeoireacht loighciúil agus dearadh cruthaitheach. Cuireann an t-ábhar chun cinn scileanna sintéisithe, meastóireachta, cumarsáide, bainistíochta ama, eagrúcháin, agus scileanna a bhaineann le hobair foirne freisin. Tugann na scileanna agus na hinniúlachtaí sin tacaíocht i gcomhair breis staidéir agus foghlama ar feadh an tsaoil.

## An pobal agus an tsochaí

Tá go leor gnéithe tábhachtacha de shaol na sochaí bunaithe ar idirghníomhú le TFC. Dá bhrí sin, tá forbairt inniúlachta sa réimse sin, go háirithe maidir le léirmhíniú agus measúnú géar a dhéanamh ar fhaisnéis arna cur i láthair ar bhealaí éagsúla, ag éirí riachtanach chun sochaithe atá bunaithe sa chomhionannas agus daonlathas a fhorbairt agus a chothú.

# RÉASÚNAÍOCHT

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide: Cuireann agus leathnaíonn an sainchúrsa scileanna, eolas agus dearcthaí a forbraíodh leis an modúl éigeantach Buntreoir don Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. Cuirfidh an scoláire leis an gcumas atá aige sonraí a phróiseáil agus a léiriú agus foghlaimeoidh sé conas smaointe a chur in iúl ach úsáid a bhaint as teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide.

Beidh níos mó taithí ag an scoláire ar an gcaoi a n-oibríonn córais faisnéise agus chumarsáide. Déanfaidh sé machnamh freisin ar an ról eiticiúil agus sóisialta atá ag teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide agus forbróidh sé scileanna smaointeoireachta criticiúla agus dearcthaí fiosracha maidir lena n-úsáid sa tsochaí. Táthar ag súil gur rannpháirtí eolach freagrach cruthaitheach sa domhan digiteach a bheidh sa scoláire seo tar éis dó staidéar a dhéanamh ar na ceithre chúrsa seo agus go bhforbróidh sé scileanna agus inniúlachtaí in-aistrithe le go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sa bhreisoideachas nó sa bhreis-oiliúint agus ar mhargadh saothair atá ag síor-athrú.

## Aidhm

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide don Ardteistiméireacht Fheidhmeach: Is é is aidhm leis an sainchúrsa cruthaitheacht agus scileanna réitithe fadhbanna an fhoghlaimeora a fhorbairt agus a chothú, in éineacht lena chumas a bheith ag obair go neamhspleách agus i gcomhar le daoine eile. Cuirfidh an scoláire bunchleachtais agus bunchoincheapa TFC i bhfeidhm agus forbróidh sé léirthuiscint ar ról éagsúil na teicneolaíochta ríomhaireachta sa tsochaí agus sa timpeallacht ina bhfuil cónaí air. Cothóidh staidéar ar an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide spéis agus paisin sa scoláire agus tabharfaidh sé cumhacht dó chun dul i ngleic go muiníneach agus go gníomhach leis an domhan.

## Líon agus leagan amach na modúl

Is iad seo a leanas na ceithre mhodúl atá le déanamh:

**Modúl 1: Próiseáil focal**

**Modúl 2: Smaointe a chur i láthair**

**Modúl 3: Scarbhileoga**

**Modúl 4: An t-idirlíon agus inniúlacht dhigiteach**

Moltar na modúil a dhéanamh san ord thuasluaite mar go bhfuil an measúnú a dhéantar ar Mhodúl 2 ina chuid den mheasúnú ar an Tasc Gairmoideachais atá bunaithe ar an sainchúrsa seo.

## Tuairisc ar na modúil

### Modúl 1: Próiseáil focal

Cuireann an modúl seo leis an méid a rinneadh sa mhodúl éigeantach ar an bpróiseáil focal agus forbróidh an scoláire scileanna agus inniúlachtaí le go mbeadh sé in ann leas éifeachtach a bhaint as feidhmchlár próiseála focal.

### Modúl 2: Smaointe a chur i láthair

Cabhróidh an modúl seo leis an scoláire smaointe a chur in iúl i bhformáidí difriúla agus an cur chuige agus an fhormáid is fearr don tasc agus don lucht féachana a úsáid.

### Modúl 3: Scarbhileoga

Cuirfidh an modúl seo leis an mbuntreoir a tugadh sa mhodúl éigeantach i ndáil le scarbhileoga agus forbrófar scileanna an scoláire i bhfeidhmchláir scarbhileoige a úsáid, áirimh a dhéanamh ar scarbhileog agus na foirmlí agus feidhmeanna cearta a úsáid.

### Modúl 4: An t-idirlíon agus inniúlacht dhigiteach

Cuirfidh an modúl seo leis an mbuntreoir a tugadh faoin idirlíon. Forbróidh an scoláire an t-eolas agus na scileanna atá aige maidir leis an ngréasán domhanda a úsáid chun críocha taighde agus cuirfidh sé leis an bhfeasacht atá aige ar cheisteanna eiticiúla i ndáil leis an idirlíon a úsáid. Déanfaidh sé measúnú criticiúil ar fhaisnéis ar líne.


## Moltaí ginearálta

Ní mór don scoláire Buntreoir don Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a dhéanamh sula dtugann sé faoin gcúrsa seo. Cé gur féidir na modúil a dhéanamh in ord ar bith, má dhéantar san ord thuasluaite iad, féadfar an measúnú ar Modúl 2: Smaointe a chur i láthair mar chuid den Tasc Gairmoideachais atá nasctha leis an sainchúrsa seo, a dhéanamh.

Moltar go n-úsáidfí teicnící don mheasúnú chun foghlama amhail féinmheasúnú agus piarmheasúnú. Ba cheart na critéir ratha a leagan amach ag tús na gceachtanna agus idirdhealú a chur i bhfeidhm. Ba cheart go gcuirfeadh an scoláire a shaothar i láthair i bpunann nó mar ríomhphunann más féidir.

## Príomhscileanna

Sa tsraith shinsearach, sainaithníodh cúig phríomhscil (Fíor 3) atá lárnach don teagasc agus don fhoghlaim i ngach cuid den churaclam: próiseáil faisnéise; a bheith éifeachtach go pearsanta; cumarsáid; smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach; agus obair le daoine eile.




*Fíor 3: Príomhscileanna na sraithe sinsearaí.*

Tá na príomhscileanna fite fuaite i dtorthaí foghlama TFC: Sainchúrsa san Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus déantar iad a mheasúnú ag féachaint do na torthaí foghlama sin. Cuimsítear sa Chreat Príomhscileanna (CNCM, 2009) na príomhscileanna sin, agus na torthaí foghlama a bhaineann leo. Forbraíodh an Creat Príomhscileanna chun cur chuige coiteann, aontaithe a sholáthar ar mhaithe leis na príomhscileanna a leabú thar gach sonraíocht Ardteistiméireachta amach anseo. Sainaithnítear na scileanna sin mar chinn atá tábhachtach do gach scoláire chun an scoth a bhaint amach, i rith a chuid ama ar scoil agus sa todhchaí, agus a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí, i saol an teaghlaigh agus sa phobal, i saol na hoibre agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Forbraíonn TFC: Sainchúrsa san Ardteistiméireacht Fheidhmeach na scileanna sin ar na bealaí seo a leanas:

## Próiseáil Faisnéise

Nuair a bhaintear ciall as TFC trí rannpháirtíocht i gcomhthéacsanna ábhartha réadúla, cuirtear gníomhaíochtaí neamhspleácha taighde chun cinn ina n-iarrtar ar an scoláire éagsúlacht leathan ábhar seachtrach a úsáid chun anailís a dhéanamh ar cheisteanna. Tugtar aghaidh ar roghnú, measúnú agus taifeadadh faisnéise; de réir mar a dhéanann an scoláire cinntí agus breithiúnais atá bunaithe ar shonraí agus ar fhaisnéis cháilíochtúil agus faisnéis chainníochtúil.

## Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach

Ní mór anailís chúramach a dhéanamh ar phatrúin agus ar choibhnis nuair a bhítear ag cur TFC i bhfeidhm i gcomhthéacsanna san fhíorshaol, agus leis sin forbraítear scileanna ardréasúnaíochta agus scileanna maidir le fadhbanna a réiteach. Tá tabhairt hipitéisí, déanamh tuartha, scrúdú fianaise, agus teacht ar chonclúidí mar bhonn agus taca ag croí na ngníomhaíochtaí ar fad a mholtar in TFC: Sainchúrsa san Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

## Cumarsáid

Forbraítear scileanna éifeachtacha cumarsáide trí obair thionscadail chomhoibritheach. Bíonn an scoláire i mbun cumarsáide duine ar dhuine agus trí mheáin dhigiteacha. Cé nach ndírítear go díreach ar scileanna litearthachta, teastaíonn siad ón scoláire le bheith rannpháirteach go hiomlán sa taithí foghlama.

Teastaíonn scileanna anailíse agus léirmhínithe nuair a bhítear i mbun taighde ar líne, agus cothaítear na scileanna sin. Beidh ar an scoláire raon leathan foinsí faisnéise a léamh. Bíonn ar an scoláire a thuairimí a chur in iúl agus a roinnt, agus hipitéis a thabhairt faoin gcúis go soiléir; eascraíonn díospóireacht agus argóint as sin a spreagann páirt a ghlacadh i bplé, éisteacht go cúramach agus tuairimí agus mothúcháin a mhealladh.

Tá deiseanna ann tuilleadh forbartha a dhéanamh ar scileanna cumarsáide de réir mar a chumann agus mar a dhéanann an scoláire cur i láthair ag úsáid meáin éagsúla.

## Obair le daoine eile

Tá comhoibriú agus obair le daoine eile mar bhonn agus mar thaca ag TFC: Sainchúrsa san Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Gheobhaidh an scoláire léirthuiscint éigin ar dhinimicí grúpaí agus ar na scileanna sóisialta a theastaíonn le bheith ag gabháil d'obair chomhoibritheach. Cuireann sé sin le léirthuiscint ar obair i gcomhar mar rud a chuidíonn chun duine a spreagadh, fuinneamh a scaoileadh agus teacht i dtír ar na buanna go léir i ngrúpa.

Ar cheann de na gnéithe is tairbhí ó thaobh oibriú le daoine eile tá spriocanna coiteanna a shainaithint, a mheas agus a bhaint amach. Foghlaimíonn an scoláire le hidirbheartaíocht agus malairt tuairimí a réiteach de réir mar a phléann an grúpa na straitéisí difriúla agus de réir mar a bhaineann siad comhréiteach amach.

## A bheith éifeachtach ar bhonn pearsanta

Cuireann an phríomhscil seo le fás pearsanta an scoláire: éiríonn sé níos féinfheasaí agus úsáideann sé an fheasacht sin chun spriocanna pearsanta a fhorbairt. Gné thábhachtach den phríomhscil sin is

ea cumas an scoláire a thógáil chun an chaoi le rudaí a chur i gcrích a aithint, an chaoi le hacmhainní a chruinniú agus a úsáid go héifeachtach, agus an chaoi le hoibriú go neamhspleách. Bíonn níos mó ná bealach amháin ann le fadhb a fhreagairt nó straitéis a bhunú chun fadhbanna a réiteach; níl aon fhreagra draíochta i gceist. Caithfidh an scoláire muinín a fhorbairt as féin a threorú agus diongbháilteacht agus déine a thaispeáint. Chun bheith éifeachtach go pearsanta, caithfidh an scoláire tógáil ar ghné mheiteachognaíoch an eolais, trína bhforbraíonn sé straitéisí chun foghlaim agus tógáil ar eolas a bhí aige cheana féin.

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

Spreagtar scoláire na sraithe sinsearaí leis an eolas, na scileanna, na meonta agus na luachanna a fhorbairt a chuirfidh ar a chumas a bheith níos neamhspleáiche ina chuid foghlama agus a bheith tiomanta d'fhorbairt a chuid foghlama ar feadh a saoil.

Tacaíonn TFC: Sainchúrsa san Ardteistiméireacht Fheidhmeach le raon leathan cuir chuige i leith an teagaisc agus na foghlama a úsáid. Is cúrsa trialach é ó thaobh struchtúir agus leagtar béim ann ar chur i bhfeidhm praiticiúil an eolais TFC sa domhan atá thart orainn. De réir mar a théann an scoláire chun cinn, forbróidh sé scileanna réitigh fadhbanna is féidir a úsáid i dtascanna agus in ábhair éagsúla, rud a chuirfidh ar a chumas cumhacht TFC a fheiceáil.

Mar gheall ar rannpháirtíocht i ngrúpdhíospóireachtaí atá curtha le chéile go maith, forbróidh an scoláire scileanna in argóint réasúnaithe, éistfidh sé lena chomhscoláirí agus déanfaidh sé machnamh ar a chuid oibre féin agus ar obair a chomhscoláirí.

Spreagtar an scoláire a théann i ngleic le fíorfhadhbanna; tugann sé deis dó a fheiceáil chomh hábhartha is atá TFC do chúrsaí atá tábhachtach ina shaol féin. Toisc go mbíonn fadhbanna réadúla oscailte, bíonn deis ag an scoláire na huirlisí TFC is fearr leis a úsáid, chomh maith leis na scileanna a chaithfidh sé a neartú a chleachtadh.

Mar gheall ar na Príomhthascanna agus na tascanna a mbeidh an scoláire ag gabháil dóibh, cuirfear ar a chumas dul i gceannas ar a chuid foghlama féin trí spriocanna a leagan síos, pleananna gníomhaíochta a fhorbairt, agus aiseolas measúnachta a fháil agus a fhreagairt. Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim agus soláthróidh siad faisnéis atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an scoláire aonair. De thoradh tascanna cuí agus mealltacha a shocrú, ceisteanna ard-oird a chur, agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú le foghlaim chomh maith le hachoimre a thabhairt ar ghnóthachtáil.

# IDIRDHEALÚ

Déantar tuairisceoir an mhodúil in TFC: Sainchúrsa san Ardteistiméireacht Fheidhmeach a roinnt ina codanna difriúla chun freastal ar scoláirí a bhfuil cumais agus leibhéil ghnóthachtála éagsúla acu.

## Idirdhealú trí na torthaí foghlama

Ba chóir go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, ar a leibhéal cumais féin. Cuireann torthaí foghlama próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas agus tuiscint an scoláire de réir a chéile, a chuireann ar a chumas eolas a anailísiú, a mheas agus a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé ar aghaidh.

## Idirdhealú sa teagasc agus san fhoghlaim

Tugann TFC: Sainchúrsa san Ardteistiméireacht Fheidhmeach deiseanna líonmhara don mhúinteoir an t-ábhar a mhúineadh agus na hábhair a roghnú a dhéanann freastal ar riachtanais agus ar raon spéise gach scoláire. Toisc go ndírítear ar chur chuige triallach i leith an teagaisc agus na foghlama, rud atá lárnach in TFC: Sainchúrsa san Ardteistiméireacht Fheidhmeach, is féidir leis an scoláire tabhairt faoi ghníomhaíochtaí foghlama a chomhlánaíonn a riachtanais agus a bhealaí foghlama féin. Sonraítear ábhar an chúrsa go ginearálta chun go bhféadfar na topaicí a roghnú agus a fhiosrú sna bealaí is spéisiúla agus is ábhartha don scoláire.

Teastaíonn tacaíocht de mhéid agus de chineál difriúil ón scoláire ionas go n-éireoidh leis. Beidh éileamh difriúil le sonrú in aon ghníomhaíocht foghlama mar go mbíonn smaointe agus tuiscint dhifriúil ag an scoláire ina leith. Beidh an scoláire in ann idirghníomhú ar a chumas féin trí úsáid a bhaint as straitéisí i dtaobh foghlaim idirdhealaithe, mar shampla leibhéal na scileanna a theastaíonn a athrú, méid agus cineál idirghabháil an mhúinteora a athrú, agus luas agus ord na foghlama a athrú.

## Idirdhealú sa mheasúnú

Beidh an measúnú ar TFC: Sainchúrsa san Ardteistiméireacht Fheidhmeach bunaithe ar na torthaí foghlama sa tsonraíocht. Sa mheasúnú scríofa, déanfar measúnú ar na torthaí foghlama trí fhadhbanna a bhunófar i gcomhthéacsanna réadúla agus díreofar ar fhíricí agus coincheapa bunúsacha a chur i bhfeidhm. Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh an scoláire eolas, tuiscint, cur i bhfeidhm, anailís agus meastóireacht atá cuí don Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar don scoláire atá i mbun scrúdaithe ag an leibhéal seo.

Tabharfaidh na Príomhthascanna deis don scoláire fianaise a sholáthar ar an bhfoghlaim a rinne sé ag an leibhéal cuí.

Má éiríonn leis an scoláire na Príomhthascanna a chur i gcrích go sásúil, tacóidh sé sin leis lena thasc sannta agus lena scrúdú scríofa.

# Léargas ginearálta ar an gcúrsa: Modúil agus torthaí

| Modúl | Aonad | Torthaí foghlama |
|---|---|---|
| 1. Próiseáil focal | 1. Teoiric bhunúsach | Tá sé ar chumas an scoláire:<br><br>1. Inniúlacht a thaispeáint maidir le creat comhdúcháin a chruthú agus a bhainistiú[1].<br><br>2. Doiciméid bhunúsacha próiseála focal a chruthú agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu.<br><br>3. Formáidí difriúla a chur i bhfeidhm ar dhoiciméid chun iad a fheabhsú sula bpriontáiltear iad agus dea-chleachtas a léiriú maidir le roghanna cuí formáidithe a dhéanamh. |

[1] Creat comhdúcháin: comhaid a oscailt, a shábháil, fillteáin a dhéanamh taobh istigh d'fhillteáin eile, etc.

| Modúl | Aonad | Torthaí foghlama |
|---|---|---|
| | 2. Téacs a chur isteach agus a ionramháil | Tá sé ar chumas an scoláire:<br><br>1. Réimse roghanna formáidithe a chur i bhfeidhm amhail alt a chur isteach, téacs a ailíniú agus treoshuíomh an leathanaigh a athrú.<br><br>2. A thaispeáint gur féidir leis téacs a chur isteach i réimse formáidí agus socruithe a athrú le go bhfeilfidh siad do chuspóir an doiciméid.<br><br>3. Cáipéis a phrofáil agus a chur in eagar chun í a ullmhú sula bpriontáiltear í. |
| | 3. Teicnící breise | Tá sé ar chumas an scoláire:<br><br>1. Táblaí, íomhánna agus fíoracha a chur isteach agus a fhormáidiú.<br><br>2. A thaispeáint gur féidir leis feidhmeanna, amhail buntásca, ceanntásca, bristeacha rannáin, bristeacha leathanaigh, uimhriú leathanach agus clár ábhar nasctha, a úsáid.<br><br>3. Measúnú a dhéanamh ar gnéithe de leagan amach an téacs i bhfianaise a lucht féachana.<br><br>4. Prionsabail deartha a chur i bhfeidhm maidir le doiciméid a fhorbairt agus a chur i láthair i gcomhréir leis an dea- chleachtas. |

| Modúl | Aonad | Torthaí foghlama |
|---|---|---|
| 2. Smaointe a chur i láthair | 1. Bunscileanna cur i láthair | Tá sé ar chumas an scoláire:<br><br>1. Prionsabail deartha a aithint i réimse formáidí nó meáin cur i láthair.<br><br>2. Na prionsabail sin a chur i bhfeidhm ar chuir i láthair fheiliúnacha.<br><br>3. Anailís a dhéanamh ar réimse formáidí i bhfianaise fheidhm an chuir i láthair, luchta féachana an chuir i láthair agus riachtanais an chuir i láthair agus measúnú a dhéanamh ar na formáidí sin.<br><br>4. Feasacht a fhorbairt ar fheidhmeanna inrochtaineachta agus ar na prionsabail a bhaineann le dearadh uilíoch[2] . |
| | 2. Cruthú agus eagarthóireacht | Tá sé ar chumas an scoláire:<br><br>1. Faisnéis ar ábhar atá ábhartha dó féin a léiriú i bhformáid dhigiteach agus an rogha a rinne sé a chosaint.<br><br>2. Eagarthóireacht agus formáidiú a dhéanamh ar fhaisnéis, í a phrofáil agus a fhoilsiú i meán feiliúnach.<br><br>3. Faisnéis a chur i láthair dá phiaraí agus machnamh a dhéanamh ar an aiseolas a fhaightear.<br><br>4. Na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le réimse formáidí digiteacha a phlé agus a mheas. |

[2] 2 Baineann an dearadh uilíoch le táirgí agus timpeallachtaí a dhearadh le gur féidir le gach duine iad a úsáid, dá mhéad agus is féidir, agus nach gá iad a chur in oiriúint nó dearadh speisialta a úsáid. Áirítear na gnéithe seo a leanas leis an dearadh uilíoch: an úsáid chothrom, an tsolúbthacht úsáide, úsáid shimplí iomasach, faisnéis inbhraite, lamháltas earráidí, iarracht bheag fisiciúil agus méid agus spás chun teannadh leis agus i gcomhair úsáide.

| Modúl | Aonad | Torthaí foghlama |
|---|---|---|
| | 3. Teicnící breise | Tá sé ar chumas an scoláire:<br><br>1. Inniúlacht a thaispeáint i dteimpléid chun críocha chur i láthair a ionramháil.<br><br>2. Príomhghnéithe den dea-chleachtas i gcur i láthair a aithint chun aird an lucht féachana a fháil agus na gnéithe sin a chur i bhfeidhm.<br><br>3. Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le formáidí difriúla digiteacha i gcomhair cuspóirí difriúla a mheas. |
| 3. Scarbhileoga | 1.Teoiric bhunúsach scarbhileog | Tá sé ar chumas an scoláire:<br><br>1. Úsáidí agus feidhmeanna scarbhileog a thuiscint.<br><br>2. Scarbhileoga nua bunaithe ar theimpléid réamhshocraithe a chruthú.<br><br>3. Obair a dhéanamh go hinniúil ar scarbhileoga agus iad a thiontú ina bhformáidí eile comhaid.<br><br>4. Sonraí a chur isteach ar scarbhileoga agus a ionramháil agus foirmlí loighciúla a chruthú ach úsáid a bhaint as na gnáthfheidhmeanna. |

| Modúl | Aonad | Torthaí foghlama |
|---|---|---|
| | 2. Cruthú agus eagarthóireacht | Tá sé ar chumas an scoláire:<br><br>1. Scarbhileoga a bhaineann le cineálacha éagsúla sonraí amhail CBL, céatadáin, airgeadra, cáin, am agus dátaí a chruthú agus foirmlí ginearálta a úsáid chun torthaí a ghiniúint.<br><br>2. Cairteacha, graif agus táblaí sonraí atá feiliúnach do na sonraí a ghiniúint agus a léirmhíniú chun an fhaisnéis ar scarbhileog a chur in iúl go héifeachtach.<br><br>3. Foirmlí a chruthú agus a chur i bhfeidhm agus earráidí luacha sna foirmlí a aithint. |
| | 3. Teicnící breise | Tá sé ar chumas an scoláire:<br><br>1. Scagaire a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.<br><br>2. Foirmlí a chruthú agus a chur i bhfeidhm ach úsáid a bhaint as gnáthfheidhmeanna scarbhileoige amhail an fheidhm shuimithe, mheánaithe, íosmhéid, uasmhéid, chomhairimh agus slánaithe.<br><br>3. Foirmlí a chruthú ach úsáid a bhaint as tagairtí cille agus oibritheoirí uimhríochta (suimiú, dealú, iolrú agus roinnt).<br><br>4. Scarbhileoga a ionramháil, eagarthóireacht a dhéanamh orthu agus iad a ullmhú don phriontáil ach leas a bhaint as feidhmeanna éagsúla amhail, teorainneacha, treoshuíomh, cumraíocht leathanaigh agus línte greille a athrú, raon ceall agus cairteacha áirithe a roghnú. |

| Modúl | Aonad | Torthaí foghlama |
|---|---|---|
| 4. An t-idirlíon agus inniúlacht dhigiteach | 1. Teoiric bhunúsach | Tá sé ar chumas an scoláire:<br><br>1. Coincheapa agus ceisteanna sábháilteachta a thuiscint maidir le teicneolaíochtaí digiteacha agus an t-idirlíon a úsáid go héifeachtach agus go heiticiúil.<br><br>2. Coincheapa agus feidhmeanna pobal agus feidhmchlár ar líne a thuiscint.<br><br>3. A thaispeáint gur féidir leis feidhmeanna éagsúla a bhaineann le ríomhphost a úsáid, mar shampla, ceangaltáin a sheoladh, cuardach a dhéanamh, ríomhphost a eagrú agus a chomhdú. |
| | 2. Litearthacht faisnéise digití | Tá sé ar chumas an scoláire:<br><br>1. An t-idirlíon a chuardach le faisnéis ar ábhar spéise faoi leith a bhailiú agus tagairt chruinn a dhéanamh don fhaisnéis.<br><br>2. Faisnéis ó fhoinsí éagsúla a chur i gcomparáid le hiontaofacht, bailíocht, cruinneas agus údarás na faisnéise a mheas.<br><br>3. Plé a dhéanamh ar na hiarmhairtí eiticiúla a bhaineann leis an idirlíon a úsáid agus ar an lorg digiteach maidir le ceisteanna príobháideachais agus cosanta sonraí.<br><br>4. Léirthuiscint a léiriú ar lorg digiteach a chruthú agus ar na hiarmhairtí dearfacha agus diúltacha a bhaineann leis. |

| Modúl | Aonad | Torthaí foghlama |
|---|---|---|
| | 3. Prionsabail agus cleachtais | Tá sé ar chumas an scoláire:<br><br>1. Faisnéis a chur i láthair i bhformáidí digiteacha ar líne atá feiliúnach don lucht féachana ar a bhfuiltear ag díriú.<br><br>2. Téacsanna meán digiteach a léiríonn claontacht a aithint, a scrúdú go criticiúil agus trácht a dhéanamh orthu.<br><br>3. Díospóireacht a dhéanamh ar cheisteanna eiticiúla agus dlíthiúla amhail cearta cruthaitheacha, úinéireacht agus bradaíl ar an idirlíon, chomh maith leis na ceisteanna sin a mheas agus a thuiscint. |

Modúl 1:

# Próiseáil focal

## CUSPÓIR

Is é aidhm an mhodúil seo cur leis na scileanna bunúsacha a d'fhorbair an scoláire ar an modúl próiseála focal a bhí mar chuid den Bhuntreoir don TFC san Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Díreofar ar dhoiciméad a dhéanamh agus tabharfar deiseanna don scoláire taithí phraiticiúil a fháil ar fheidhmchlár próiseála focal a úsáid i gcomhréir leis an dea-chleachtas.

## AIDHMEANNA

Tá sé d'aidhm leis an modúl seo:

- an chaoi a n-úsáidtear an phróiseáil focal ina shaol féin a chur ar a shúile don scoláire
- scileanna agus tuiscint a fhorbairt le go mbeidh an scoláire in ann leas éifeachtach a bhaint as bogearraí próiseála focal
- réimse deiseanna a thabhairt don scoláire scileanna a oiriúnú agus a fhorbairt.

## AONAID

**Aonad 1: Teoiric bhunúsach**

**Aonad 2: Téacs a chur isteach agus a ionramháil**

**Aonad 3: Teicnící breise**

# AONAD 1: TEOIRIC BHUNÚSACH

## Torthaí foghlama

Beidh sé ar chumas an scoláire:

1. Inniúlacht a thaispeáint maidir le creat comhdúcháin a chruthú agus a bhainistiú[3]

2. Doiciméid bhunúsacha próiseála focal a chruthú agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu.

3. Formáidí difriúla a chur i bhfeidhm ar dhoiciméid chun iad a fheabhsú sula bpriontáiltear iad agus dea-chleachtas a léiriú maidir le roghanna cuí formáidithe a dhéanamh.

## Treoirlínte don mhúinteoir

**D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a úsáid mar chuid den obair ranga chun na torthaí foghlama seo a bhaint amach:**

- Cur leis an obair a rinneadh sa mhodúl buntreorach, dea-chleachtas a bhunú chun doiciméad a rinne an scoláire a shábháil, a chomhdú agus a aisghabháil. Is féidir é seo a úsáid mar bhunús don chreat comhdúcháin a thógfaidh an scoláire de réir mar a thagann forbairt ar a chuid riachtanas féin.

- Ach tascanna comhthéacsúla a úsáid, is féidir leis an scoláire taithí a fháil ar dhoiciméid a ionramháil agus a shábháil i bhformáidí éagsúla chun críocha ar leith.

- D'fhéadfaí úsáid roghanna comhtháite an fheidhmchláir a fhiosrú, amhail an fheidhm chabhrach, chun na táirgí a chruthaítear a fheabhsú.

- Faigheann an scoláire deis dul i dtaithí ar an gcaoi a bhfeidhmíonn doiciméid bheaga próiseála focal amhail litreacha, cártaí gnó agus lipéid ar féidir iad a roinnt agus a scaipeadh. Úsáidtear an piarmheasúnú agus an féinmheasúnú sa phrofáil, san eagarthóireacht agus san ullmhúchán a dhéantar sula bpriontáiltear doiciméid.

- Pléitear an tábhacht a bhaineann leis an litriú a sheiceáil agus a cheartú sula bpriontáiltear doiciméid.

- D'fhéadfadh an scoláire gluais phríomhthéarmaí a thaifeadadh agus a choinneáil.

[3] Creat comhdúcháin: comhaid a oscailt, a shábháil, fillteáin a dhéanamh taobh istigh d'fhillteáin eile, etc.

# AONAD 2: TÉACS A CHUR ISTEACH AGUS A IONRAMHÁIL

## Torthaí foghlama

**Beidh sé ar chumas an scoláire:**

1. Réimse roghanna formáidithe a chur i bhfeidhm amhail alt a chur isteach, téacs a ailíniú agus treoshuíomh an leathanaigh a athrú.

2. A thaispeáint gur féidir leis téacs a chur isteach i réimse formáidí agus socruithe a athrú le go bhfeilfidh siad do chuspóir an doiciméid.

3. Cáipéis a phrofáil agus a chur in eagar chun í a ullmhú sula bpriontáiltear í.

## Treoirlínte don mhúinteoir

**D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a úsáid mar chuid den obair ranga chun na torthaí foghlama seo a bhaint amach:**

- Ach úsáid a bhaint as tascanna comhthéacsúla, déanann an scoláire ionramháil ar théacsanna chun roghanna éagsúla formáidithe atá feiliúnach do chuspóir an téacs a chur i bhfeidhm, mar shampla: ailt agus colúin a chur isteach, agus ailíniú a dhéanamh ar nuachtlitir; táblaí a chur isteach agus a ionramháil agus treoshuíomh an leathanaigh a athrú le haghaidh bileoga i dTráth na gCeist; méid, cruth agus dath an chló a athrú ar bhileog eolais.

- D'fhéadfaí an féinmheasúnú agus an piarmheasúnú a úsáid chun scrúdú a dhéanamh ar na doiciméid a ullmhaítear.

- Doiciméid a phrofáil agus a chur in eagar sula bpriontáiltear iad.

- D'fhéadfadh an scoláire gluais phríomhthéarmaí a thaifeadadh agus a choinneáil.

# AONAD 3: TEICNÍCÍ BREISE

## Torthaí foghlama

**Beidh sé ar chumas an scoláire:**

1. Táblaí, íomhánna agus fíoracha a chur isteach agus a fhormáidiú.
2. A thaispeáint gur féidir leis feidhmeanna, amhail buntásca, ceanntásca, bristeacha rannáin, bristeacha leathanaigh, uimhriú leathanach agus clár ábhar nasctha, a úsáid.
3. Measúnú a dhéanamh ar gnéithe de leagan amach an téacs i bhfianaise a lucht féachana.
4. Prionsabail deartha a chur i bhfeidhm maidir le doiciméid a fhorbairt agus a chur i láthair i gcomhréir leis an dea-chleachtas.

## Treoirlínte don mhúinteoir

**D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a úsáid mar chuid den obair ranga chun na torthaí foghlama seo a bhaint amach:**

- Ach úsáid a bhaint as tascanna comhthéacsúla, fiosróidh an scoláire conas is féidir leis feidhmeanna, amhail buntásca, ceanntásca, bristeacha rannáin, bristeacha leathanaigh, uimhriú leathanach agus clár ábhar nasctha, a úsáid.
- Fiosróidh sé conas táblaí, íomhánna, grafaicí agus nithe a tarraingíodh a ionramháil.
- Ullmhóidh sé cáipéisí d'fheidhmeanna postchumaisc.
- Cuirfidh sé teicnící casta postchumaisc i bhfeidhm.
- Scrúdóidh sé rogha téacsanna próiseála focal agus cuirfidh sé na téacsanna i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile i bhfianaise a lucht féachana beartaithe.
- Sainaithneoidh sé an lucht féachana ar a ndíreoidh sé agus cuspóirí na ndoiciméad a chruthófar agus pléifidh sé na gnéithe a chabhraíonn leis an gcumarsáid shoiléir.
- D'fhéadfadh an scoláire gluais phríomhthéarmaí a thaifeadadh agus a choinneáil.

# MODÚL 1: PRÍOMHTHASCANNA

1. Doiciméad is gá a dhéanamh chun obair chúrsa na hArdteistiméireachta Feidhmí a chríochnú a shainaithint. Gnéithe agus teicnící cuí próiseála focal a chur i bhfeidhm i bhfianaise chuspóir an doiciméid. An doiciméad a phrofáil, a chur in eagar agus a phriontáil. Scileanna a aithint agus míniú a thabhairt ar an bhfáth ar úsáideadh sa doiciméad iad.

2. Doiciméad a cheapadh, a chur in eagar agus a fhormáidiú ina bhfuil tábla lena gcuirtear faisnéis a bailíodh i láthair. An fhaisnéis a chur i láthair go soiléir agus ar bhealach cuí fisiúil.

# Modúl 2: Smaointe a chur i láthair

## CUSPÓIR

Is é aidhm an mhodúil seo cur leis na scileanna bunúsacha a d'fhorbair an scoláire nuair a rinne sé an t-aonad maidir le sonraí a chur i láthair mar chuid den Bhuntreoir do Theicneolaíocht na Cumarsáide agus na Faisnéise. Forbrófar léirthuiscint an scoláire ar phrionsabail deartha i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus tabharfar deis dó scileanna a chur i bhfeidhm i réimse formáidí.

## AIDHMEANNA

**Tá sé d'aidhm leis an modúl seo:**

- feasacht a fhorbairt sa scoláire ar na gnéithe a chabhraíonn le smaointe a chur i láthair go soiléir agus ar rudaí a chuireann isteach ar smaointe a chur i láthair go soiléir.
- cur ar chumas an scoláire a bheith in ann na prionsabail sin a chur i bhfeidhm ar réimse formáidí cur i láthair.
- cur ar chumas an scoláire na scileanna sin a úsáid i gcomhthéacs i gcomhréir leis an dea-chleachtas.
- cumas an scoláire a mhéadú agus a bheachtú le go mbeidh sé in ann an teicneolaíocht dhigiteach, uirlisí cumarsáide agus an t-idirlíon a úsáid go heiticiúil, go héifeachtach agus go sábháilte.

## AONAID

**Aonad 1: Bunscileanna cur i láthair**

**Aonad 2: Cruthú agus eagarthóireacht**

**Aonad 3: Teicnící breise**

# AONAD 1: BUNSCILEANNA CUR I LÁTHAIR

## Torthaí foghlama

Beidh sé ar chumas an scoláire:

1. Prionsabail deartha a aithint i réimse formáidí nó meáin cur i láthair.

2. Na prionsabail sin a chur i bhfeidhm ar chuir i láthair fheiliúnacha.

3. Anailís a dhéanamh ar réimse formáidí i bhfianaise fheidhm an chuir i láthair, luchta féachana an chuir i láthair agus riachtanais an chuir i láthair agus measúnú a dhéanamh ar na formáidí sin.

4. Feasacht a fhorbairt ar fheidhmeanna inrochtaineachta agus ar na prionsabail a bhaineann le dearadh uilíoch[4] .

## Treoirlínte don mhúinteoir

D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a úsáid mar chuid den obair ranga chun na torthaí foghlama seo a bhaint amach:

- Scrúdú a dhéanamh ar réimse téacsanna digiteach agus modhanna agus teicnící cur i láthair a mheas. D'fhéadfaí podchraoltaí, físghrafaicí, comhaid fuaime, amharcthéacsanna, cur i láthair sleamhnán, beochaintí, códúchán (Scratch, Unity, srl.) agus fótagrafaíocht dhigiteach a úsáid.

- Liosta a dhéanamh de na príomhghnéithe chun na cuir i láthair a threorú.

- Feasacht a fhorbairt ar an lucht féachana ach cleachtaí comparáide a dhéanamh.

- Formáidí digiteacha ar a mbreathnófar a roghnú i bhfianaise scileanna agus buanna an ranga.

- D'fhéadfadh an scoláire gluais phríomhthéarmaí a thaifeadadh agus a choinneáil.

[4]Baineann an dearadh uilíoch le táirgí agus timpeallachtaí a dhearadh le gur féidir le gach duine iad a úsáid, dá mhéad agus is féidir, agus nach gá iad a chur in oiriúint nó dearadh speisialta a úsáid. Áirítear na gnéithe seo a leanas leis an dearadh uilíoch: an úsáid chothrom, an tsolúbthacht úsáide, úsáid shimplí iomasach, faisnéis inbhraite, lamháltas earráidí, iarracht bheag fisiciúil agus méid agus spás chun teannadh leis agus i gcomhair úsáide.

# AONAD 2: CRUTHÚ AGUS EAGARTHÓIREACHT

## Torthaí foghlama

**Beidh sé ar chumas an scoláire:**

1. Faisnéis ar ábhar atá ábhartha dó féin a léiriú i bhformáid dhigiteach agus an rogha a rinne sé a chosaint.
2. Eagarthóireacht agus formáidiú a dhéanamh ar fhaisnéis, í a phrofáil agus a fhoilsiú i meán feiliúnach.
3. Faisnéis a chur i láthair dá phiaraí agus machnamh a dhéanamh ar an aiseolas a fhaightear.
4. Na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le réimse formáidí digiteacha a phlé agus a mheas.

## Treoirlínte don mhúinteoir

**D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a úsáid mar chuid den obair ranga chun na torthaí foghlama seo a bhaint amach:**

- Ba cheart go n-oibreodh an scoláire ar réimse formáidí digiteacha atá feiliúnach don chomhthéacs, do chumas an scoláire agus do na háiseanna atá ar fáil.
- Ba cheart na príomhghnéithe/prionsabail is fearr a rinneadh in aonad a 1 a chur i bhfeidhm nuair atá smaointe á gcur i láthair.
- Úsáidtear an piarmheasúnú agus an féinmheasúnú chun feabhas a chur ar na cuir i láthair.
- Obair a chur i láthair an ranga nó i láthair grúpaí eile sna formáidí a roghnaítear.
- D'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le réimse formáidí digiteacha faoi cheannteidil dhifriúla amhail an dearadh uilíoch, fíricí a chur i láthair, soiléireacht na dteicnící cur i láthair agus deacrachtaí maidir le foinsí/údaracht.
- D'fhéadfadh an scoláire gluais phríomhthéarmaí a thaifeadadh agus a choinneáil.

# AONAD 3: TEICNÍCÍ BREISE

## Torthaí foghlama

**Beidh sé ar chumas an scoláire:**

1. Inniúlacht a thaispeáint i dteimpléid chun críocha chur i láthair a ionramháil.
2. Príomhghnéithe den dea-chleachtas i gcur i láthair a aithint chun aird an lucht féachana a fháil agus na gnéithe sin a chur i bhfeidhm.
3. Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le formáidí difriúla digiteacha i gcomhair cuspóirí difriúla a mheas.

## Treoirlínte don mhúinteoir

**D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a úsáid mar chuid den obair ranga chun na torthaí foghlama seo a bhaint amach:**

- Scileanna agus tuiscint a fhorbairt ach teicnící casta cur i láthair a chur i bhfeidhm.
- Scrúdú a dhéanamh ar íomhánna, fuaimeanna, beochaintí, comhpháirteanna idirghníomhacha, cluichiú, srl. a chur isteach.
- Fiosrúchán a dhéanamh ar mhodhanna chun aird an lucht féachana a ghabháil i réimse formáidí meán.
- Teicnící a chur i bhfeidhm ar obair a rinneadh agus díospóireacht a dhéanamh faoi éifeachtúlacht na straitéisí.
- D'fhéadfadh an scoláire gluais phríomhthéarmaí a thaifeadadh agus a choinneáil.

# MODÚL 2: PRÍOMHTHASCANNA

1. Dhá chur i láthair éagsúla ar ábhar is suim leat féin a fhorbairt agus na teicnící dea- chleachtais a chur i bhfeidhm.

2. Machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim a rinneadh leis an modúl. Na roghanna a rinneadh a chosaint agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi arbh fhéidir an fhoghlaim a chur i bhfeidhm sa saol.

# Modúl 3: Scarbhileoga

## CUSPÓIR

Cuirfidh an modúl seo leis na scileanna bunúsacha a d'fhorbair an scoláire nuair a rinne sé an t-aonad maidir le scarbhileoga mar chuid den Bhuntreoir do Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide agus leathnófar na scileanna sin. Forbrófar scileanna maidir le háirimh shimplí a dhéanamh agus gheobhaidh an scoláire taithí phraiticiúil ar an mbogearra scarbhileog.

## AIDHMEANNA

**Tá sé d'aidhm leis an modúl seo:**

- spléachadh a thabhairt don scoláire ar an gcaoi a n-úsáidtear scarbhileoga
- na scileanna agus tuiscint a fhorbairt sa scoláire le gur féidir leis bogearra scarbhileog a úsáid
- deiseanna a chur ar fáil don scoláire chun scarbhileoga a úsáid le haghaidh raon feidhmchlár.

## AONAID

**Aonad 1: Teoiric bhunúsach scarbhileog**

**Aonad 2: Cruthú agus eagarthóireacht**

**Aonad 3: Teicnící breise**

# AONAD 1: TEOIRIC BHUNÚSACH SCARBHILEOG

## Torthaí foghlama

**Beidh sé ar chumas an scoláire:**

1. Úsáidí agus feidhmeanna scarbhileog a thuiscint.
2. Scarbhileoga nua bunaithe ar theimpléid réamhshocraithe a chruthú.
3. Obair a dhéanamh go hinniúil ar scarbhileoga agus iad a thiontú ina bhformáidí eile comhaid.
4. Sonraí a chur isteach ar scarbhileoga agus a ionramháil agus foirmlí loighciúla a chruthú ach úsáid a bhaint as na gnáthfheidhmeanna.

## Treoirlínte don mhúinteoir

**D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a úsáid mar chuid den obair ranga chun na torthaí foghlama seo a bhaint amach:**

- Ba cheart go dtógfadh an scoláire ar an eolas a fuair sé ón modúl buntreorach ar scarbhileoga, go ndéanfadh sé obair ar scarbhileoga agus go mbeadh sé in ann iad a thiontú ina bhformáidí éagsúla comhaid amhail pdf, csv.
- Roghanna comhtháite an fheidhmchláir a fhiosrú, amhail an fheidhm chabhrach/F1, chun na táirgí a chruthaítear a fheabhsú.
- Ach tascanna comhthéacsúla a úsáid, ba cheart don scoláire na féidearthachtaí a bhaineann le scarbhileoga a fhiosrú trí shonraí a chur i gcealla agus dea-chleachtas a úsáid chun liostaí a chruthú lena n-áirítear teideal a chur isteach le gur féidir teicnící phostchumaisc a úsáid, gan cealla folmha a fhágáil ann, comhsheasmhacht agus simplíocht struchtúir.
- Ba cheart don scoláire ionramháil a dhéanamh ar shonraí i scarbhileoga ach sonraí a roghnú, a shórtáil, a chóipeáil, a bhogadh agus a scriosadh agus bileoga oibre a chóipeáil, a bhogadh, a scriosadh agus a athainmniú.
- Feidhmeanna an fheidhmchláir scarbhileog a fhiosrú ach gnáthfheidhmeanna scarbhileoige a úsáid chun foirmlí matamaiticiúla loighciúla a chruthú agus a thuiscint.
- Roghanna agus sainroghanna bunúsacha san fheidhmchlár amhail ainm úsáideora, fillteán réamhshocraithe chun dhoiciméad a oscailt agus a shábháil, a shocrú.
- D'fhéadfadh an scoláire gluais phríomhthéarmaí a thaifeadadh agus a choinneáil.

# AONAD 2: CRUTHÚ AGUS EAGARTHÓIREACHT

## Torthaí foghlama

Beidh sé ar chumas an scoláire:

1. Scarbhileoga a bhaineann le cineálacha éagsúla sonraí amhail CBL, céatadáin, airgeadra, cáin, am agus dátaí a chruthú agus foirmlí ginearálta a úsáid chun torthaí a ghiniúint.
2. Cairteacha, graif agus táblaí sonraí atá feiliúnach do na sonraí a ghiniúint agus a léirmhíniú chun an fhaisnéis ar scarbhileog a chur in iúl go héifeachtach.
3. Foirmlí a chruthú agus a chur i bhfeidhm agus earráidí luacha sna foirmlí a aithint.

## Treoirlínte don mhúinteoir

D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a úsáid mar chuid den obair ranga chun na torthaí foghlama seo a bhaint amach:

- Ach tascanna comhthéacsúla a úsáid, amhail an tasc fiontair nó imeacht a reáchtáil, d'fhéadfadh an scoláire scarbhileoga a úsáid chun sonraí riachtanacha a léiriú don tasc.
- Plé a dhéanamh ar dhea-chleachtas maidir le foirmlí a chruthú agus luachanna earráide amhail #NAME!, #DIV/0!, #REF! a aithint i bhfoirmlí.
- Ionramháil a dhéanamh ar fhormáid uimhreacha agus téacs i scarbhileog ach dathanna a chur le hinneachar ceall, rónna agus colúin a chur i bhfolach agus a scriosadh, barraí uirlisí a léiriú nó a chur i bhfolach, inneachar ceall a chur in eagar agus inneachar ceall/inneachar raon ceall a chóipeáil taobh istigh de scarbhileog amháin agus chuig scarbhileog eile.
- Fiosrúchán a dhéanamh ar chairteacha a chruthú agus a fhormáidiú chun faisnéis a chur in iúl go sothuigthe.
- D'fhéadfadh an scoláire gluais phríomhthéarmaí a thaifeadadh agus a choinneáil.

# AONAD 3: TEICNÍCÍ BREISE

## Torthaí foghlama

Beidh sé ar chumas an scoláire:

1. Scagaire a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.

2. Foirmlí a chruthú agus a chur i bhfeidhm ach úsáid a bhaint as gnáthfheidhmeanna scarbhileoige amhail an fheidhm shuimithe, mheánaithe, íosmhéid, uasmhéid, chomhairimh agus slánaithe.

3. Foirmlí a chruthú ach úsáid a bhaint as tagairtí cille agus oibritheoirí uimhríochta (suimiú, dealú, iolrú agus roinnt).

4. Scarbhileoga a ionramháil, eagarthóireacht a dhéanamh orthu agus iad a ullmhú don phriontáil ach leas a bhaint as feidhmeanna éagsúla amhail, teorainneacha, treoshuíomh, cumraíocht leathanaigh agus línte greille a athrú, raon ceall agus cairteacha áirithe a roghnú.

## Treoirlínte don mhúinteoir

D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a úsáid mar chuid den obair ranga chun na torthaí foghlama seo a bhaint amach:

- Cleachtadh a thabhairt don scoláire ar théarmaí amhail carachtar, réimse, taifead, comhad, cineál sonraí agus eochair-réimse.

- An úsáid a bhaintear as an ordú cuardaigh d'ábhar ar leith a fhiosrú agus raon ceall a shórtáil de réir critéar amháin.

- Léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhfaightear rochtain ar scarbhileog agus a ndéantar scarbhileog a bhrabhsáil agus a scagadh.

- Modhanna sórtála agus scagtha a léiriú agus conas cuid den scarbhileog a phriontáil. An scoláire a spreagadh chun socruithe leathanaigh na scarbhileoige a athrú agus a bhfuil ar an scarbhileog a sheiceáil agus a cheartú sula bpriontáiltear í.

- D'fhéadfadh an scoláire gluais phríomhthéarmaí a thaifeadadh agus a choinneáil.

# MODÚL 3: PRÍOMHTHASCANNA

1. Feidhm scarbhileoige a chur i bhfeidhm chun fadhb a bhaineann le hábhar a roghnaítear nó le tasc, a réiteach.
2. Scarbhileoga a úsáid chun léiriú grafach a dhéanamh ar shonraí agus torthaí a léirmhíniú.

# Modúl 4: An t-idirlíon agus inniúlacht dhigiteach

## CUSPÓIR

Is é is aidhm leis an modúl seo forbairt a dhéanamh ar scileanna agus cumas criticiúil an scoláire i ndáil leis an idirlíon a úsáid mar uirlis taighde agus chumarsáide. Spreagfar díospóireacht chriticiúil ar cheisteanna eiticiúla agus tabharfar deis don scoláire an t-eolas agus na scileanna atá aige a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil.

## AIDHMEANNA

**Tá sé d'aidhm leis an modúl seo:**

- spléachadh a thabhairt don scoláire ar an eolas agus ar na scileanna atá riachtanach chun an t-idirlíon a úsáid go héifeachtach, go heiticiúil agus go sábháilte.
- deiseanna a thabhairt don scoláire an t-eolas agus na scileanna atá aige a chur i bhfeidhm.
- spreagadh a dhéanamh ar úsáid chriticiúil eiticiúil a bhaint as an teicneolaíocht agus as an idirlíon.

## AONAID

**Aonad 1: Teoiric bhunúsach**

**Aonad 2: Litearthacht faisnéise digití**

**Aonad 3: Prionsabail agus cleachtais**

# AONAD 1: TEOIRIC BHUNÚSACH

## Torthaí foghlama

Beidh sé ar chumas an scoláire:

1. Coincheapa agus ceisteanna sábháilteachta a thuiscint maidir le teicneolaíochtaí digiteacha agus an t-idirlíon a úsáid go héifeachtach agus go heiticiúil.

2. Coincheapa agus feidhmeanna pobal agus feidhmchlár ar líne a thuiscint.

3. A thaispeáint gur féidir leis feidhmeanna éagsúla a bhaineann le ríomhphost a úsáid, mar shampla, ceangaltáin a sheoladh, cuardach a dhéanamh, ríomhphost a eagrú agus a chomhdú.

## Treoirlínte don mhúinteoir

D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a úsáid mar chuid den obair ranga chun na torthaí foghlama seo a bhaint amach:

- Téarmaí a úsáidtear go minic amhail brabhsálaí gréasáin, comhéadan úsáideora, néalstóráil, cosaint sonraí, víreas agus turscar a fhiosrú agus a scrúdú.

- Ag leanúint ar aghaidh ón modúl buntreorach nuair a chruthaigh an scoláire cuntas ríomhphoist, d'fhéadfadh sé fiosrúchán a dhéanamh ar conas is féidir ríomhphoist le ceangaltáin, hipearnaisc srl. a sheoladh, a fháil, a chomhdú agus a shórtáil.

- Fiosrúchán a dhéanamh ar fheidhmchláir a úsáidtear amhail feidhmchláir fóin phóca, féilire, físchomhdháil, Skype, aipeanna Google agus timpeallachtaí fíorúla foghlama.

- Plé a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann leis an tsábháilteacht dhigiteach agus leis na rioscaí a bhaineann leis an teagmháil ar líne amhail cibearbhulaíocht, bradaíl aitheantais agus an aois dhigiteach toilithe.

- D'fhéadfadh an scoláire gluais phríomhthéarmaí a thaifeadadh agus a choinneáil.

# AONAD 2: LITEARTHACHT FAISNÉISE DIGITÍ

## Torthaí foghlama

**Beidh sé ar chumas an scoláire:**

1. An t-idirlíon a chuardach le faisnéis ar ábhar spéise faoi leith a bhailiú agus tagairt chruinn a dhéanamh don fhaisnéis.

2. Faisnéis ó fhoinsí éagsúla a chur i gcomparáid le hiontaofacht, bailíocht, cruinneas agus údarás na faisnéise a mheas.

3. Plé a dhéanamh ar na hiarmhairtí eiticiúla a bhaineann leis an idirlíon a úsáid agus ar an lorg digiteach maidir le ceisteanna príobháideachais agus cosanta sonraí.

4. Léirthuiscint a léiriú ar lorg digiteach a chruthú agus ar na hiarmhairtí dearfacha agus diúltacha a bhaineann leis.

## Treoirlínte don mhúinteoir

**D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a úsáid mar chuid den obair ranga chun na torthaí foghlama seo a bhaint amach:**

- Ach tasc comhthéacsúil a úsáid, ba cheart don scoláire inneall cuardaigh a úsáid chun tascanna sonraithe cuardaigh a dhéanamh ar ábhar ar leith. Plé a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir a bheith feasach ar cheisteanna sábháilteachta agus tú ag brabhsáil. Cleachtadh a thabhairt don scoláire ar na feidhmeanna agus scagairí cuardaigh a úsáid agus ar thorthaí a athscagadh.

- Údarthacht na faisnéise a aimsítear a fhiosrú.

- An chaoi le tagairt chruinn a dhéanamh don fhaisnéis a aimsítear a fhiosrú.

- Plé a dhéanamh ar na hiarmhairtí eiticiúla a bhaineann leis an idirlíon a úsáid maidir leis an lorg digiteach, ceisteanna príobháideachais agus cosanta sonraí ach úsáid a bhaint as scéalta sna meáin.

- D'fhéadfadh an scoláire gluais phríomhthéarmaí a thaifeadadh agus a choinneáil.

# AONAD 3: PRIONSABAIL AGUS CLEACHTAIS

## Torthaí foghlama

Beidh sé ar chumas an scoláire:

1. Faisnéis a chur i láthair i bhformáidí digiteacha ar líne atá feiliúnach don lucht féachana ar a bhfuiltear ag díriú.

2. Téacsanna meán digiteach a léiríonn claontacht a aithint, a scrúdú go criticiúil agus trácht a dhéanamh orthu.

3. Díospóireacht a dhéanamh ar cheisteanna eiticiúla agus dlíthiúla amhail cearta cruthaitheacha, úinéireacht agus bradaíl ar an idirlíon, chomh maith leis na ceisteanna sin a mheas agus a thuiscint.

## Treoirlínte don mhúinteoir

D’fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a úsáid mar chuid den obair ranga chun na torthaí foghlama seo a bhaint amach:

- Bealaí nua chun faisnéis a chur i láthair, amhail leathanach ar na meáin shóisialta, suíomh gréasáin, aip fóin phóca nó podchraoladh, a fhorbairt agus a fhiosrú.

- Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na meáin sin a phlé.

- Téacsanna a scrúdú go criticiúil chun claontacht shuntasach agus íomhánna sna meáin a aithint.

- Díospóireacht a dhéanamh faoin úinéireacht agus eitic i ndáil leis an idirlíon. D’fhéadfadh sé go mbeadh suim ag an scoláire i gceisteanna amhail ceol agus scannáin a íoslódáil, úinéireacht ar íomhánna fótagrafaíochta agus bradaíl a dhéanamh ar acmhainní.

- Coincheapa amhail foinse oscailte agus ábhar creative commons a scrúdú.

- D’fhéadfadh an scoláire gluais phríomhthéarmaí a thaifeadadh agus a choinneáil.

## MODÚL 4: PRÍOMHTHASCANNA

- Ach prionsabail agus dea-chleachtas a úsáid, déantar scrúdú ar ábhar leis an idirlíon agus cuirtear na torthaí i láthair i bhformáid chuí dhigiteach.
- Déantar machnamh ar an bpróiseas fiosraithe, lena n-áirítear ceisteanna a bhaineann le claontacht, údarthacht agus eitic.

# Treoirlínte measúnaithe

Measúnú ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide: Bunaítear an sainchúrsa ar aidhmeanna, cuspóirí agus torthaí foghlama atá i dtuairisceoir an mhodúil seo a forbraíodh le comhar idir CNCM agus CSS. Is iad seo a leanas na codanna measúnaithe:

- Creidiúintí a bhaint amach de bharr tinrimh agus toisc go gcuirtear na príomhthascanna le haghaidh gach modúl i gcrích (4 chreidiúint).
- Scrúdú praiticiúil agus scrúdú scríofa (12 chreidiúint).
- Anuas air sin, beidh an measúnú ar Mhodúl 2 mar chuid den tasc gairmoideachais a bhaineann leis an sainchúrsa seo: Smaointe a chur i láthair, mar a ndéanfaidh an scoláire cur i láthair mar chuid den agallamh.

Beidh an struchtúr seo a leanas ag baint leis an taispeántas praiticiúil agus leis an scrúdú scríofa:

| Topaic | Roghanna | Leagan amach an fhreagra | Ualú |
|---|---|---|---|
| Teoiric ghinearálta | Le dearbhú | Ar pháipéar | 25% |
| Próiseáil focal | Le dearbhú | Measúnú praiticiúil | 25% |
| Scarbhileoga | Le dearbhú | Measúnú praiticiúil | 25% |
| Idirlíon | Le dearbhú | Measúnú praiticiúil | 25% |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment